Oifig an
Office of the

# Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
# Director of Public Prosecutions

## Tuarascáil Bhliantúil 2012



Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2013

# CLÁR

Réamhrá .... 4

CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE .... 7

1.1 Obair Ghinearálta na hOifige .... 8

1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil .... 9

1.3 Struchtúr na hEagraíochta .... 10

CUID 2: SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN .... 11

2.1 Súil Siar ar an mBliain .... 12

2.2 Caiteachas na hOifige .... 20

2.3 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2011 .... 23

2.4 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 .... 24

2.5 Príomhthorthaí Oibre .... 25

2.6 Saoráil Faisnéise .... 27

2.7 Tuarascáil Bhliantúil Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012 .... 28

CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ .... 29

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2012 .... 30

CUID 4: STAITISTICÍ .... 37

4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas .... 39

4.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil .... 47

4.3 Iarratais Chuig na Cúirteanna .... 58

4.4 Cúnamh Dlí Frithpháirteach .... 63

# RÉAMHRÁ

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2012 a chur i láthair. Ba é 2012 an chéad bhliain iomlán a chaith me i mo Stiúrthóir.

Bliain mhór don Oifig a bhí inti ar go leor bealaí, agus tionchar ag gach ceann díobh ar an tslí a ndéanfaimid gnó amach anseo.

Ar dtús, tá ríméad orm a rá go bhfuaireamar foirgneamh aonair mar cheanncheathrú don Oifig, atá lonnaithe in aice leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla - sprioc a rabhamar ag iarraidh a bhaint amach le fada. Tá sé sin imithe chun leasa na hOifige cheana féin, cé nach bhfeicfear an buntáiste iomlán ó thaobh straitéise go dtí go mbeidh na gníomhairí go léir eile atá i roinnt de na hoifigí faoi láthair imithe astu agus an chuid eile den fhoireann sin againne aistrithe isteach sa cheanncheathrú ag Bóthar na hOtharlainne. Táim dearfach go dtarlóidh sin go luath.

Cuireadh bailchríoch ar Threoir ón Aontas Eorpach maidir le hÍospartaigh Coireachta an 25 Deireadh Fómhair 2012. Tá trí bliana ón dáta sin ag an Rialtas leis an Treoir sin a thrasuí isteach i reachtaíocht na tíre seo.

Mar a luaigh mé sa réamhrá le tuarascáil 2011, an impleacht is mó a bheidh ag an Treoir seo ar obair m'Oifige ná go dtabharfar an ceart d'íospartaigh fios a bheith acu faoi na cúiseanna a bhaineann le gan cás a ionchúiseamh, in go leor cásanna, faoi réir ag roinnt eisceachtaí teoranta. Beidh feidhm leis an gceart fios a bheith acu faoi chúiseanna i raon cionta sách tromchúiseacha lena n-áirítear ionsaí, robáil, buirgléireacht, ciapadh, agus cinn thar a bheith tromchúiseacha mar éigniú, drochúsáid ghnéasach leanaí agus dúnmharú.

Thosaíomar ag scrúdú impleachtaí na Treorach maidir le hÍospartaigh ó thaobh cúrsaí acmhainne agus eile don Oifig agus ó thaobh an choireacht a ionchúiseamh go ginearálta. Maidir leis sin ba chóir a thabhairt ar aird gurb é an Garda Síochána, faoi údarás tairmligthe uaimse, gan tagairt don Oifig



seo, a dhéanann go leor cinntí ionchúisimh. Mar gheall ar acmhainní teoranta na hOifige agus an gá le hullmhúchán iomlán a dhéanamh don Treoir a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann, nílim ag súil go leathnófar amach an tionscadal maidir le cúiseanna a thabhairt i gcásanna ina maraítear daoine chuig réimsí eile sa chinnteoireacht go luath. Déanfaidh mé athbhreithniú ar chúrsaí nuair a bheidh anailís iomlán déanta ar na himpleachtaí a bhaineann le héifeacht a thabhairt don Treoir maidir linn féin agus leis an nGarda Síochána.

Mar a thuairiscítear ar leathanach eile den tuarascáil seo, tá an Oifig ag obair le gníomhaireachtaí éagsúla sa chóras ceartais coiriúil i gcónaí, d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí d'íospartaigh coireachta. Bhí ríméad orm gur thug an Oifig faoi Phrótacal in 2012 i gcomhar le hIonad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath maidir le rochtain ar dhoiciméid ábhartha atá ina seilbh agus a bhíonn de dhíth chun críocha nochta in imeachtaí coiriúla. Cabhraíonn prótacail den sórt sin, a oibríonn ar bhonn tola ón íospartaigh, chun seasamh na hOifige agus na gníomhaireachta a thugann cúnamh d'íospartaigh a shoiléiriú. Is é mo thuairim gur chuidigh siad go mór leis an bpróiseas nochta a shruthlíniú.

An tríú rud a raibh tionchar mór aige ar an tslí a ndéanann an Oifig gnó ná treoracha maidir le cleachtais a thabhairt isteach sa Chúirt Chuarda. Cuirim fáilte roimh na tionscnaimh éagsúla a thug na breithiúna isteach i gcomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar ullmhúchán réamhthrialach. Tá mar aidhm leis na nósanna imeachta réamhthrialacha a tugadh isteach i mBaile Átha Cliath agus i gCúirteanna Cuarda áirithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna réamhthrialacha áirithe píosa maith roimh thosach na trialach. Is dóigh liom go mbeidh na buntáistí le brath go hiomlán sa bhliain dlí amach romhainn.

Tá imní orm féin, mar atá ar na breithiúna, go gciallaíonn an riaráiste sa Chúirt Achomhairc Choiriúil go bhfuil moill mhór curtha ar athbhreithnithe maidir le trócaire mhíchuí agus ar chineálacha achomharc eile in aghaidh ciontaithe agus pianbhreitheanna. Fáiltím roimh ghealltanas na mbreithiúna agus na Seirbhíse Cúirteanna an riaráiste sin a mhaolú go gearrthéarmach trí roinnt laethanta suí a chur ag tús na bliana dlí nua i mí Dheireadh Fómhair. Tabharfar aghaidh go luath, tá súil againn, ar an bhfadhb níos fadtéarmaí a bhaineann le moilleanna ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil agus níos mó moilleanna ag an gCúirt Uachtarach. Tá aird tugtha agam ar an reifreann maidir le Cúirt Achomhairc atá le bheith ann an chéad mhí eile.

Cé gur tháinig laghdú ar an líon iomlán comhad ionchúisimh a cuireadh ar aghaidh chuig m'Oifig le linn 2012, bhain cuid den laghdú le cásanna achomair maidir le cionta a ndéantar a ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche. Tá na comhaid a cuireadh ar aghaidh i gcatagóirí cionta níos tromchúisí, ar tháinig laghdú orthu ó 2011 freisin, ag méadú i dtéarmaí castachta agus méid i gcónaí. Féadfaidh roinnt de na cásanna sin brú mór a chur ar acmhainní uaireanta.

Chomh maith le obair a dhéanamh ar chásanna ionchúisimh choiriúil, déileálann an fhoireann i m'Oifig le nithe eile freisin a éilíonn ionchur agus comhairle ghairmiúil. Áirítear orthu sin nithe mar iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána nó ó Aturnaetha Stáit áitiúla; measúnú ar dhréacht-reachtaíocht bhaile agus AE; nithe a bhaineann le beartas; iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach; rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-eagraíochta agus coistí a dhéileálann le hathchóiriú agus feabhas a chur ar an gcóras ceartais choiriúil. Tá roinnt de na réimsí oibre sin ag éirí níos troime bliain in aghaidh bliana, go háirithe maidir le comhoibriú idirnáisiúnta agus reachtaíocht AE. Mar shampla, tháinig dúbailt ar an líon iarratas ar chúnamh dlí frithpháirteach ar dhéileáil m'Oifig leo le trí bliana anuas.

Is mian liom an deis seo a thapú le rud ginearálta a rá faoin mbaol a bhaineann le poiblíocht réamhthrialach ag cur isteach ar cheart an duine cúisithe ar thriail chóir. Tá freagracht mhór ar na meáin agus ar thráchtairí a chinntiú ní amháin nach ndéanfadh siad díspeagadh cúirte trí ábhar dochrach a fhoilsiú nó a chraoladh, ach a chinntiú freisin nach mbeadh poiblíocht den sórt sin mar chúis le triail a chur ar fionraí ar feadh tréimhse fada nó éiginnte fiú. Tagann ardú ar an mbaol sin de réir mar a bhíonn dáta trialach ag teacht níos gaire.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis na grúpaí éagsúla a chuireann le seirbhís ionchúisimh éifeachtach a fheidhmiú. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ard-tiomanta i m'Oifig, leis na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre agus comhaltaí go leor an Bheáir a chuidíonn le seirbhís ionchúisimh a sholáthar thar cheann Mhuintir na hÉireann le hard-tiomantas agus gairmiúlacht. Déantar sin uile i gcomhthéacs laghdú i ndiaidh laghdaithe ar thuarastail agus ar tháillí.



Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,
Meán Fómhair 2013

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:

# OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

**1.1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

Faigheann na trí Rannán tacaíocht ina gcuid oibre ó:

- An tAonad Polasaí Ionchúisimh a ghlacann ceannas maidir le polasaithe ionchúisimh a fhorbairt agus le comhairle a thabhairt ar dhoiciméid pholasaí dhlíthiúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige lena mbreithniú.
- An tAonad Taighde agus Leabharlainne a chuireann faisnéis, cumas agus seirbhísí taighde ar fáil don fhoireann riaracháin agus dlí.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

| RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) |
|---|---|

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

**RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

| RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) |
|---|---|

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

**ABHCÓIDE IONCHÚISIMH**

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**NA CÚIRTEANNA**

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA (Suas go dtí Meitheamh 2013)

- **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** – Claire Loftus
  - **An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** – Barry Donoghue
    - **RANNÁN NA dTREORACHA**
      - **Ceannasaí Rannán na dTreoracha** – Elizabeth Howlin
        - **Ceannasaithe na n-Aonad** – David Gormally, Niall Lombard, Peter McCormick, Domhnall Murray
    - **RANNÁN NA NATURNAETHA**
      - **An Príomh-Aturnae Ionchúisimh** – Peter Mullan
        - **Rannóg na nUrghabhála Sócmhainní** – Michael Brady
        - **Rannóg na dTrialacha Cúirte Cuarda** – Ronan O'Neill
        - **Rannóg na Cúirt Achomhairc Choiriúil & Bannaithe** – Francis H. Cassidy
        - **Rannóg na Cúirte Dúiche** – Séamus Cassidy
        - **Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha** – Helena Kiely
        - **Rannóg na nUaschúirteanna** – Liam Mulholland
    - **Serbhísí tacaíochta dlí**
      - **Aonad an Pholasaí Ionchúisimh** – Kate Mulkerrins
      - **An tAonad Leabharlainne & Taighde** – Conor McCabe
    - **AN RANNÁN RIARACHÁN**
      - **Ceannasaí Riaracháin** – Declan Hoban
        - **An tAonad Cumarsáide & Forbartha** – Helen Cullen
        - **An tAonad Airgeadais** – John Byrne
        - **An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna** – Claire Rush
        - **An tAonad Teicneolaochta Eolais** – Marian Harte
        - **An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta** – Joe Mulligan

# CUID 2:
## SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

# 2.1 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

**2.1.1** D'fhoilsigh an Oifig Ráiteas Straitéise sa bhliain 2010 ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus na táscairí feidhmíochta don tréimhse trí bliana 2010 - 2012. Bhí an bhliain faoi chaibidil ar an tríú bliain den phlean straitéiseach sin a chur i bhfeidhm.

## AN BHAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH

**2.1.2** Ar na bearta príomhthábhachta a leagadh amach sa phlean, bhí an úsáid is fearr as acmhainní a chinntiú agus seirbhís ionchúisimh éifeachtúil agus éifeachtach á cur ar fáil i bhfianaise chúrsaí eacnamaíochta mar a bhí i rith na tréimhse trí bliana. Leagtar amach na staitisticí maidir leis an bpróiseáil ar chomhaid ionchúisimh agus le torthaí na gcásanna i gcaibidil 4 sa tuarascáil seo. Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar na córais bhainistíochta agus na córais rialachais a bhí mar bhonn treise faoin tseirbhís ionchúisimh a chur ar fáil i rith na bliana 2012.

**2.1.3** Mar is ionann agus na heagraíochtaí uile san earnáil phoiblí, ní mór d'Oifig an DPP feidhmiú faoi bhun Uasteorainn Chreat Rialála Fostaíochta an Rialtais. I mí Eanáir 2012, laghdaíodh in athuair an t-uaslíon foirne ceadaithe – laghdú ó 195 go dtí 192 coibhéis lánaimseartha. B'ionann an líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2012 agus 194.5 coibhéis lánaimseartha. Faoin 31 Nollaig 2012 bhí an figiúr sin íslithe go dtí 191.4.

**2.1.4** Chomh maith leis an bhfoireann atá fostaithe go díreach, fostaítear daoine ar conradh maidir le Seirbhís na nAturnaetha Stáit. Tá 32 aturnae atá i mbun cleachtais go príobháideach i gceist agus iad ar conradh ag Oifig an DPP chun fónamh thar ceann an Stiúrthóra sna Cúirteanna Cuarda taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**2.1.5** Tá abhcóidí ar phainéal freisin ag an Oifig a fhostaítear de réir an cháis chun ionchúiseamh a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla.

**2.1.6** Bhí costas iomlán €38.8m leis an tseirbhís ionchúisimh i rith na bliana 2012. Baineann 32% den tsuim sin le táillí arna n-íoc le habhcóidí a dhéanann ionchúiseamh ar chásanna thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna éagsúla. Baineann 32% eile le tuarastal & pá a íocadh le lucht foirne na hOifige. Bhí 16% san áireamh leis an méid sin ag baint le Seirbhís na nAturnaetha Stáit agus bhain 13% eile leis an tsuim a íocadh mar chostais dlí de réir bhreith cúirte.

**2.1.7** Bhí an costas leis an tseirbhís ionchúisimh i rith na bliana 2012 tuairim is €42.1m níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2011. Bhí trí phríomhchúis ag baint leis an ardú sin. Tháinig ardú €2.46m ar an tsuim a íocaíodh mar chostais dlí de réir breith cúirte agus ardú €0.58m i ndáil le costas Oifige, mar gheall ar chuid den Oifig a aistriú as Sráid Mhuirfean go Bóthar na hOtharlainne, ardú iomlán €3.04m. Tugadh sin isteach le laghdú €1.22m ar na táillí a íocadh le habhcóidí.

**2.1.8** Tharla an t-ardú maidir leis an suim a íocadh i ndáil le costais dlí de réir bhreith cúirte sa bhliain 2012 mar gheall go háirithe ar chaiteachas isteach is amach le €2m a bhain le trí cinn de chásanna a raibh costas seachas mar is gnáth i gceist leo. Ceileann an costas a bhain leis na trí chás sin laghdú go ginearálta ar an tsuim a íocadh le blianta beaga anuas. Bhí Polasaí maidir le Costais a Aontú a chuir an Oifig i bhfeidhm ina shiocair mhór i ndáil leis an ísliú sin. Baineann leis sin idirbheartaíocht a dhéanamh le lucht na cosanta i gcásanna ina mbíonn costais le híoc d'fhonn teacht ar

réiteach faoi cheist na gcostas gan call an cheist a chur faoi bhráid an Mháistir Fómhais lena shocrú. Tá de thoradh air sin, mar aon le hathrú ar chineálacha na gcásanna os comhair na hArd-Chúirte, go bhfuil laghdú tagtha ar an meánchostas in aghaidh an cháis. Tháinig ísliú ar an meánchostas ginearálta ó €35,562 sa bhliain 2009 go dtí €23,877 sa bhliain 2012. Tá sábháil ama sna cúirteanna tagtha de thoradh ar an bPolasaí maidir le Costais a Aontú chomh maith mar gheall ar laghdú ar líon na laethanta agus na n-éisteachtaí os comhair cúirte.

**2.1.9** Laghdaíodh ráta na dtáillí a íoctar le habhcóidí an ionchúisimh 26% ina n-iomláine i rith na tréimhse ó Mhárta 2009 go dtí Deireadh Fómhair 2011.

**2.1.10** Tá an éifeachtúlacht agus an bharainneacht scála a ghabhann le conarthaí atá ceangailte ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair taptha ag Oifig an DPP i ndáil le hearraí agus seirbhísí a cheannach. I rith na bliana 2012, baineadh leas as dhá cheann déag (12) de chonarthaí den sórt sin ar fud réimse earraí agus seirbhísí, mar shampla, soláthar gáis agus leictreachais, seirbhísí fón póca, trealamh agus soláthairtí TEC, taisteal thar lear, stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige.

**2.1.11** Lean an Oifig den díograis maidir le seirbhísí a chur ar fáil le barr éifeachtachta tríd an teicneolaíocht a úsáid. Tugadh an obair chun críche an ráithe deiridh den bhliain 2012 ar tháillí a íoc go huathoibríoch le habhcóidí a dhéanann fónamh maidir le cásanna sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus tá an córas sin ag feidhmiú go hiomlán anois. Ligfidh an córas uathoibríoch sin maidir le táillí i ndáil leis an bPríomh-Chúirt Choiriúil don oifig íoc na dtáillí le habhcóidí a phróiseáil ar bhealach tráthúil éifeachtach.

**2.1.12** Réimse príomhthábhachta eile ag an Oifig is ea feabhas a chur ar phróisis an ghnó. Tá an Oifig blianta fada ag féachaint le lonnú in aon áras ceanncheathrún amháin ina mbeadh spás don trí rannóg. D'fhág an dá rannóg dlí a bheith ag feidhmiú i dhá ionad faoi leith gur tharla dúbailt oibre agus mí-éifeachtacht a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh an dá rannóg ar an aon láthair. I rith na bliana 2012, aistríodh an Rannán Stiúrtha agus brainsí éagsúla de Rannán na nAturnaetha go dtí an t-áras nua ar Bhóthar na hOtharlainne in éineacht le roinnt de na hAonaid Riaracháin. Bhí sin ar an gcéad chéim den aistriú go dtí aon áras ceanncheathrún amháin. Tá an Oifig ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí ar na pleananna chun fuílleach na mbrainsí i Rannán na nAturnaetha agus na hAonaid Riaracháin eile, atá faoi láthair i Sráid an Rí Thuaidh, a aistriú go dtí Bóthar na hOtharlainne. Nuair a bheidh na rannóga ar fad suite ar an láthair sin, ligfidh sin do chaomhchóiriú ar ghnáis oibre agus úsáid níos éifeachtaí as acmhainní.

**2.1.13** Lean an Oifig leis an tionscnamh a tugadh isteach sa bhliain 2010 a chur i bhfeidhm trína ndéantar an cinneadh maidir le hionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna de chineálacha áirithe a tharmligean ó lucht foirne an Rannáin Stiúrtha le haturnaetha i Rannán na nAturnaetha. Laghdaítear leis an tionscnamh sin ar aon dúbailt díchill. I rith na bliana 2012, bhí 191 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dtug Brainse na nAthrbhreithnithe Breithiúnacha treoir ina leith gan a gcur i gcead an Rannáin Stiúrtha. Sin i gcomórtas le 127 iarratas sa bhliain 2011 - ardú 50%.

**2.1.14** I rith na bliana 2012, bhí an Oifig páirteach i nGrúpa Oibre chun bearta breis éifeachtachta sa Chóras Dlí agus Cirt Coiriúil a shonrú agus tuairisc a thabhairt orthu chomh fada agus a bhaineann leis an gCúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche. Cuireadh an grúpa seo ar bun i mí na Samhna 2011 ar sin a iarraidh don Phríomh-Ghiúistis, an Breitheamh Uasal Denham agus don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Alan Shatter, T.D. Ba é toradh a bhí ar obair an ghrúpa gur síníodh Treoir Gnáis maidir leis an gCúirt Chuarda Coiriúil i mBaile Átha Cliath agus i Lár Tíre agus san Oirdheisceart. Is é an cuspóir atá leis an Treoir Gnáis moill a sheachaint nach bhfuil cúis leis; cásanna a shonrú a bhféadfaí pléadáil a dhéanamh tráth níos luaithe iontu; agus soirbhiú do thús a chur le trialacha ar dháta na trialach.

**2.1.15** Tháinig an Treoir maidir le Gnás i mBaile Átha Cliath i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Tá sin dírithe ar athrú a chur ar ghnás oibre na ndlíodóirí coiriúla ar fad i mBaile Átha Cliath. Tá dhá athrú mór i gceist maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le cásanna:

**i)** Ar an lá a gcuirtear cás siar chun a thriail ón gCúirt Dúiche, cuirfear dáta i leith cásanna d'fhonn a gcéad lua ar Aoine nach mó ná 3 seachtaine dar gcionn, agus athchuirfear an cúisí ón gCúirt Dúiche i ndáil leis sin. An dáta sin, socróidh an chúirt dáta don díotchúiseamh nach lú ná 8 seachtaine dar gcionn, agus ní foláir faoin tráth sin bheith réidh leis na gnáthcheisteanna réamhdhíotchúisimh uile agus pléadáil a bheith déanta nó dáta trialach iarrtha.

**ii)** Reachtáilfear éisteacht réamhthrialach ar a laghad ceithre seachtaine roimh dháta na trialach. Ó mhí Deireadh Fómhair 2012 ar aghaidh, tá an Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath (mar gheall ar an Treoir Gnáis a bheith ag teacht chun cinn) ag socrú dáta d'éisteacht réamhthrialach ó shocraítear dáta trialach. Éilítear leis sin dáiríre go mbeadh an t-ionchúiseamh agus an chosaint a bheag nó a mhór chomh fada céanna chun cinn leis an ullmhúchán don triail agus a bheifí maidin na trialach. Táthar ag tnúth le sábháil shuntasach dóibh siúd a mbíonn baint acu le hionchúiseamh ar chás coiriúil a theacht de thoradh ar an Treoir Gnáis a chur i bhfeidhm.

Reachtáilfear éisteacht réamhthrialach ar a laghad ceithre seachtaine roimh dháta na trialach. Ó mhí Deireadh Fómhair 2012 ar aghaidh, tá an Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath (mar gheall ar an Treoir Gnáis a bheith ag teacht chun cinn) ag socrú dáta d'éisteacht réamhthrialach ó shocraítear dáta trialach. Éilítear leis sin dáiríre go mbeadh an t-ionchúiseamh agus an chosaint a bheag nó a mhór chomh fada céanna chun cinn leis an ullmhúchán don triail agus a bheifí maidin na trialach. Táthar ag tnúth le sábháil shuntasach dóibh siúd a mbíonn baint acu le hionchúiseamh ar chás coiriúil a theacht de thoradh ar an Treoir Gnáis a chur i bhfeidhm.

**2.1.16** Leanadh den ról mórthábhachta atá ag Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) na Státseirbhíse maidir le deis a thabhairt do bhainisteoirí agus don lucht foirne araon an fheidhmíocht a mheas i gcomórtas le spriocanna aontaithe. Chuidigh sin cinntiú go ndearnadh déileáil in am tráth le comhaid agus gur thángthas leis na spriocthráthanna a bhí aontaithe. Cuireadh forbairt foirne chun cinn freisin leis an gcóras trí mheantóireacht agus cláracha struchtúrtha oiliúna.

**2.1.17** Tugann an Clár maidir le Gluaisteacht Foirne a tugadh isteach ar dtús sa bhliain 2010 deis don lucht foirne leathnú ar a gcuid taithí oibre, chomh maith le bealach a bheith ar fáil don Oifig chun an lón eolais agus saineolais a scaipeadh ar fud an dá rannóg dlí san Oifig. I rith na bliana 2012, bhí dáréag (12) den fhoireann a d'aistrigh go hinmheánach faoin gclár. Bhí sé (6) chás acu sin a raibh aistriú ó rannóg go rannóg i gceist leo. Is tairbheach an toradh atá ar an tionscnamh seo ó thaobh na bainistíochta agus na foirne araon.

## AN COMHTHÉACS DLÍ

**2.1.18** Bíonn síorathrú ag teacht ar an gcomhthéacs dlí ina bhfeidhmítear. Ní mór don Oifig coinneáil ar an eolas go seasta síoraí faoi chora nua sa dlí, in Éirinn agus thar lear, agus an géarú leanúnach ar chastacht an dlí coiriúil agus an chleachtais a thabhairt san áireamh.

**2.1.19** Ar cheann de na cuspóirí príomhthábhachta atá ag an Oifig agus seirbhís ardchaighdeáin ionchúisimh á chur ar fáil, tá a chinntiú go mbíonn tuiscint ag an bhfoireann ar an dlí agus ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an Oifig. Cé go bhfuil laghdú suntasach le tamall de bhlianta anuas ar an mbuiséad oiliúna don Oifig, is den bhunriachtanas go gcinntítear an fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar an bhfoireann.

**2.1.20** Shásaigh aturnaetha san Oifig coinníollacha Dhlí-Chumann na hÉireann maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) i rith na bliana 2012. Gnóthaíodh líon iomlán pointí CPD ab ionann agus 2,380. Is ionann sin agus ardú 20% i gcomórtas le líon na bpointí a gnóthaíodh sa bhliain 2011. Ardú ar líon na gcruinnithe inmheánacha sna brainsí ba chúis le cuid de sin ó tugadh athchóiriú orthu ionas go mbeadh gné oiliúna ag baint leo a ngnóthaítear pointí CPD ina leith. Lean an Oifig den saineolas ar chúrsaí dlí atá ar fáil go hinmheánach a thapú chun freastal do chúrsaí oiliúna, beart trína laghdaítear ar an gcostas a bhaineann le soláthraithe oiliúna seachtracha.

**2.1.21** Rinneadh infheistíocht iomlán €268,472 san oiliúint ar dhaoine den fhoireann i rith na bliana 2012 - ionann le 2% den chostas pá-rolla. Bhí luach €27,294 de sin curtha i leith oiliúint a bhain go sonrach le cúrsaí dlí agus caitheadh €43,997 maidir le freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha agus ar chúrsaí oiliúna.

**2.1.22** D'eagraigh an Oifig dhá chruinniú den Líonra Dlí don lucht foirne sa dá rannán dlí san Oifig. Rinne dlíodóirí inmheánacha agus dlíodóirí seachtracha a bhfuil saineolas faoi leith acu i réimsí éagsúla den dlí choiriúil áisitheoireacht i ndáil leis na cruinnithe. Pléadh i mbliana le Cora Nua sa Choireacht Idirlín agus leis na Scéala is Deireanaí maidir leis an Dlí Coiriúil.

**2.1.23** D'eagraigh an Oifig Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit arís i mí Eanáir 2012 agus an triú comhdháil déag de Chomhdhálacha Bliantúla na nIonchúisitheoirí i mí Bealtaine 2012. Bíonn buntáiste faoi leith ón dá imeacht sin maidir le deis a thabhairt do lucht foirne na hOifige agus dóibh siúd a mbíonn baint ach le hionchúiseamh coireanna ar an leibhéal náisiúnta teacht le chéile uair sa bhliain chun ceisteanna na linne agus cora nua i gcúrsaí dlí a phlé. Is bealach iad freisin atá thar a bheith éifeachtach chun oiliúint shainchóirithe den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil do dhream ionchúisitheoirí níos líonmhaire.

**2.1.24** Cuireadh Meitheal Bainistíochta Eolais ar bun san Oifig i rith na bliana d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an modh ina ndéantar eolas faoin dlí a scaipeadh ar an lucht foirne faoi láthair agus d'fhonn a mheas conas a d'fhéadfadh an Oifig cur leis an soláthar agus an teacht ar acmhainní eolais maidir le cúrsaí dlí. Déanann an Leas-Stiúrthóir cathaoirleacht ar an Meitheal ar a bhfuil daoine den fhoireann ón dá rannóg dlí, chomh maith le daoine ón Aonad Polasaí, ón tSeirbhís Leabharlannaíochta agus Faisnéise, agus ón Aonad Cumarsáide agus Forbartha. Ag eascairt ón bplé a rinne an Meitheal, tá tugtha ag an Oifig faoi Inlíon na hOifige a fhorbairt trína mbeidh aon ionad lárnach amháin ag an lucht foirne chun teacht go héasca ar gach eolas a bhíonn de dhíth le haghaidh a gcuid oibre.

**2.1.25** Lean an tAonad Polasaí Ionchúisimh den obair i ndáil le treoirlínte polasaí a thabhairt chun cinn faoi cheisteanna dlí faoi leith. Rinneadh cion tairbhe freisin maidir le treoirlínte inmheánacha a thabhairt chun cinn a bheidh ina n-acmhainn chuimhsitheach ag an bhfoireann gairme agus a chuideoidh le cur chuige leanúnach buanseasmhach a chinntiú agus déileáil á dhéanamh le réimsí áirithe den dlí coiriúil.

**2.1.26** Thug an tAonad faoi roinnt tionscadal taighde inmheánach freisin chun críche faisnéis a chur ar fáil a bheadh ina lón eolais agus polasaithe agus nós imeachta inmheánach á leagan amach san Oifig san am atá romhainn. Bhí ag baint leo sin athbhreithniú ar chásanna a bhfuiltear ag feitheamh maidir le hathbhreithniú breithiúnach ina leith; athbhreithniú ar chomhaid a bhaineann le cineál faoi leith coire; agus oibriú leis an nGarda Síochána maidir le Lámhleabhar Cúisithe an Gharda a chur le chéile agus a leasú.

## CÚRSAÍ RIALACHAIS

**2.1.27** Ar cheann de na tosca trína gcuirtear bonn treise faoi iontaofacht an eolais a chuireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar fáil, tá a oiread agus atá nósanna imeachta maidir le rialáil agus rialachas inmheánach tugtha chun cinn againn. Leagtar tábhacht mhór san Oifig ar Choiste Iniúchta a bheith ar bun,

ar a bhfuil comhaltaí neamhspleácha, chun pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh maidir leis an iniúchóireacht inmheánach.

**2.1.28** Bhí trí cinn de chruinnithe ag an gCoiste i rith na bliana 2012. Tugadh an obair ar ceithre cinn de Thuarascálacha Iniúchóireachta chun críche i rith na bliana maidir le hAthbhreithniú ar na Córais don Rialáil Inmheánach; Pá-rolla; Cosaint Sonraí; agus Soláthar. Anuas air sin, cuireadh dhá thuairisc ar fáil faoin stádas reatha maidir le moltaí i dTuarascálacha Iniúchóireachta inmheánacha roimhe seo. Cuireadh na Tuarascálacha Iniúchóireachta ar fad, chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil do Choiste Comhairle Bainistíochta na hOifige a d'ullmhaigh an Coiste Iniúchta, chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh Clár Réimsí Baoil na hOifige a leasú freisin i rith na bliana 2012 agus a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchta.

**2.1.29** Chuir an Oifig tuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid an Chomhlacht Forfheidhmithe a chuir an Rialtas ar bun i mí Iúil 2010 chun maoirseacht agus deimhniú a dhéanamh ar an dul chun cinn in eagraíochtaí san earnáil phoiblí maidir le forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (ar a dtugtar chomh maith Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) a chur i bhfeidhm. Bhí an dul chun cinn dírithe den chuid is mó ar chaomhchóiriú a oibriú ar na seirbhísí tríd an gcúram cinnte a tharmligean ar fud rannáin dlí na hOifige; ar ísliú ar na costais dlí trí pholasaí dian a chur i bhfeidhm ina leith; agus ar bhreis éifeachtúlachta a tapaíodh tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair.

**2.1.30** Tháinig an dara Scéim Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeidhm i mí Aibreán 2010. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga maoirseacht ar an dul chun cinn maidir le maith a dhéanamh de na gealltúintí a leagtar amach sa Scéim. Sa tuarascáil i mí Aibreán 2012 ar chomhlíonadh na Scéime ag an Oifig, bhí an Coimisinéir Teanga sásta "*go raibh dul chun cinn leanúnach sásúil á dhéanamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an dara scéim teanga a chur i bhfeidhm agus dúradh go mba léir go ndéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí soláthar don Ghaeilge san obair tríd an Scéim Gaeilge....*"

## AN CAIDREAMH LE GNÍOMHAIREACHTAÍ EILE

**2.1.31** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de roinnt gníomhaireachtaí a oibríonn sa chóras dlí agus cirt coiriúil. Is den riachtanas maidir le hobair na hOifige go bhféachtar le feabhas a chur go seasta ar an gcaidreamh le grúpaí geallsealbhóirí faoi leith agus le tionscnaimh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar thabhairt i gcrích na seirbhíse.

**2.1.32** Bíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag obair ó lá go lá le roinnt gníomhaireachtaí imscrúdúcháin óna gcuirtear comhaid imscrúdúcháin faoinár mbráid. Is ón nGarda Síochána a thagann mórchuid mhór na gcomhad sin faoi bhráid na hOifige. Bítear ag obair go dlúth dá bhrí sin leis an nGarda Síochána agus caidreamh leanúnach leo maidir le cora nua i gcúrsaí dlí. Cuireann daoine d'fhoireann na hOifige oiliúint ar fáil gach bliain do dhaoine den Gharda Síochána maidir le réimse gnéithe éagsúla den dlí.

**2.1.33** Ar mhaithe le seirbhís ionchúisimh níos éifeachtaí agus níos críochnúla a chinntiú, lean an tAonad Polasaí Ionchúisimh i mbun pléite i rith na bliana 2012 le roinnt gníomhaireachtaí éagsúla maidir le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a thabhairt chun cinn. Cuidíonn comhaontuithe den chineál sin le caomhchóiriú a oibriú ar ábhar i ndáil le hionchúiseamh i gcionta coiriúla a chur faoi bhráid na hOifige chomh maith le díriú ar na dualgais maidir le nochtadh faisnéise a thagann i gceist le hionchúiseamh den sórt sin.

**2.1.34** Ceanglaíodh comhaontuithe i mí na Samhna agus mí na Nollag 2012 le hIonad Tarrthála Iaréignithe Bhaile Átha Cliath agus le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána faoi seach. Ar na hÚdaráis eile a bhfuil páirt

acu sa tionscnamh seo tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; Ionad Foréigin Gnéis Chorcaí agus One in Four.

**2.1.35** Bhí cruinnithe roinnt uaireanta i rith na bliana ag meitheal lena mbaineann ionadaithe de chuid na hOifige seo, ón nGarda Síochána agus ón Oifig d'Íospartaigh ó Choiriúlacht d'fhonn oibriú ar threoir chóiriúil a chur le chéile a bheadh ina chabhair ag íospartaigh ó choiriúlacht agus Ráiteas faoin Tionchar ar Íospartach á ullmhú. Bhí dul chun cinn mór déanta faoi dheireadh na bliana agus meastar go bhfoilseofar an treoir i mí Iúil 2013. Bhí leas agus tairbhe le baint as cur chuige seo an chomhair idir trí ghníomhaireacht agus beidh de thoradh air eolas an-úsáideach a bheith ar fáil don íospartach ó choiriúlacht i bhfoirm chruinn shoiléir.

**2.1.36** Lean an Oifig ag freastal do mhic léinn as ollscoileanna éagsúla de chuid na tíre seo faoin gClár Intéirneachta do Mhic Léinn agus faoi chláir eile, ina measc Scoil Samhraidh Ollscoil Tulsa agus Clár Socrúcháin Clinice Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is iad an tAonad Polasaí Ionchúisimh agus an tSeirbhís Leabharlannaíochta agus Faisnéise a dhéanann comhordú agus bainistíocht ar an gClár Intéirneachta do Mhic Léinn san Oifig i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí seisear mac léinn ar fad a ghlac le socrúchán ar feadh tréimhsí éagsúla san Oifig i rith na bliana. Cuireann tionscnaimh den chineál seo taithí oibre fhiúntach den phraiticiúlacht ar fáil do na mic léinn chomh maith le cur ar chumas an Aonaid Polasaí cur le hacmhainn taighde an Aonaid.

**2.1.37** Bíonn páirt ag an Oifig freisin in oiliúint a chur ar aturnaetha faoi oiliúint. I rith na bliana 2012, chuir daoine d'fhoireann na hOifige seo 82 uair a chloig oiliúna ar fáil do mhic léinn dlí ag Dlí-Chumann na hÉireann ar ábhair éagsúla, ina measc, Gnás agus Nós Oibre sa Chúirt Dhúiche; Abhcóidíocht; Ullmhú Comhaid; reachtaíocht faoi thrácht ar bhóithre; Fianaise; Nochtadh; agus Pianbhreitheanna.

**2.1.38** Leanann an Oifig de pháirt a ghlacadh i ngrúpaí éagsúla idirghníomhaireachtaí agus de chion tairbhe a dhéanamh ar mhaithe leo; ina measc, Coiste an Dlí Coiriúil ag Dlí-Chumann na hÉireann; an Grúpa Comhairleach maidir le hAgallaimh ar Amhrastaigh; Grúpa Idirchaidrimh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Gharda Síochána; an Grúpa Comhairleach maidir le Coireacht agus Staitisticí faoin gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil; Grúpaí Úsáideoirí éagsúla maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna; an Grúpa Comhairleach maidir leis an Tionscadal Idir-rialtais i ndáil le Cúnamh Taca d'Íospartaigh ó Choireacht; an Grúpa Stiúrtha maidir leis an Acht um Cheartas Coiriúil; an Grúpa Idirchaidrimh maidir le Seirbhísí d'Íospartaigh; an Grúpa Oibre chun ceisteanna éifeachtúlachta sa Chóras Dlí agus Cirt Coiriúil sna Cúirteanna a shonrú agus a thuairisciú; agus Grúpa Saineolaithe maidir le Forfheidhmiúchán Alt 13 an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine McFarlane.

**2.1.39** Rinne an Oifig cion tairbhe maidir le forbairt ar an dlí coiriúil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus glacadh páirt i roinnt tionscnamh a raibh baint leo ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leanadh chomh maith dár gcion den obair a dhéanamh maidir le comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, ina measc EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; an Cumann Idirnáisiúnta maidir leis an Athchóiriú ar an Dlí Coiriúil; agus Cumann Idirnáisiúnta na nAbhcóidí.

**2.1.40** Tugadh cuireadh don Stiúrthóir, Claire Loftus, ról an Uachtaráin a ghlacadh uirthi féin ar Fhóram Comhairleach Ionchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí bhallstáit an Aontais Eorpaigh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach. Leanann an téarma Uachtaránachta ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2013. Tosaíodh ar an obiar ullmhúcháin i rith na bliana 2012 agus cuireadh clabhsúr leis an téarma le cruinniú den Fhóram Comhairleach sa Hág i mí Aibreán 2013 a ndearnadh an Stiúrthóir riaradh air agus a raibh ionchúisitheoirí ó bhallstáit an AE i láthair aige.

## AN TSEIRBHÍS A MBÍONN SÚIL AG AN BPOBAL LÉI

**2.1.41** Ó tugadh isteach de pholasaí ag an Oifig go gcuirtear in iúl, i gcásanna a mbaineann bás leo, na cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, phléigh an Oifig le 43 iarratas maidir le cúiseanna a lua. Tugtar briseadh síos níos mine i ndáil leis an bhfigiúr sin ar leathanach 43.

**2.1.42** I ndeireadh na bliana 2012 d'aontaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh Treoir de chuid an AE lena leagtar síos caighdeáin maidir le cearta, cúnamh taca agus cosaint d'íospartaigh ó choiriúlacht. Ní mór an treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann faoin mbliain 2015. Tá roinnt forálacha ag baint leis an treoir, ina measc é bheith de cheart ag íospartach eolas a fháil i ndáil le cinneadh ar bith gan ionchúiseamh a dhéanamh maidir le hamhrastach. Déanfar scrúdú anois ar leathnú breise ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a chur in iúl i bhfianaise Threoir seo an AE.

**2.1.43** Tá réimse leathan eolais faoi obair na hOifige agus faoin gcóras dlí agus cirt coiriúil go ginearálta ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige (www.dppireland.ie). Ceadaíodh an láithreán 27,916 babhta faoi leith i rith na bliana 2012 - ardú 20% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. B'ionann líon iomlán na mbeart ceadaithe ar an suíomh agus 43,520, 61.5% ó dhaoine a bhí á cheadú den chéad uair riamh. Taobh amuigh de leathanach na sonraí comhfhreagrais, is í an Treoir Ghairid maidir leis an gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil an leathanach is mó a cheadaigh daoine ar an láithreán i rith na bliana 2012.

**2.1.44** Leagtar amach i gCairt na nÍospartach a d'fhoilsigh Oifig na nÍospartach ó Choireacht sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta i mí Iúil 2010 an ceart agus an teideal atá ag íospartach ó choireacht ar sheirbhísí a chuireann gníomhaireachtaí éagsúla Stáit ar fáil, Oifig an DPP ina measc. Leagtar amach go soiléir sa Chairt an tseirbhís ar féidir le híospartaigh ó choireacht a bheith ag súil léi ón Oifig seo.

**2.1.45** I rith na bliana 2012, thug an Oifig seo, ag teacht le Cairt na nÍospartach, an méid seo a leanas i gcrích:

- Ar an íospartach sin a iarraidh, rinneadh athbhreithniú uair ar bith a bhféadfaí sin, ar na cinntí a rinneadh i ndáil le cásanna ionchúisimh;
- Phléigh an Oifig i rith na bliana 2012 le 8 gcinn d'iarratais ó dhaoine muinteartha le híospartach maidir leis na cúiseanna le cinntí a chur in iúl;
- Trí oiliúint tosaigh agus cláir meantóireachta, cinntíonn an Oifig go bhfuil gach duine den lucht foirne ar an eolas faoin dualgas atá orthu caitheamh le híospartaigh/finnéithe ar bhealach measúil agus aird a bheith acu ar a gcás pearsanta, a gcuid ceart agus a ndínit;
- I rith na bliana 2012, chuir an Oifig Treoirlínte maidir le Déileáil le hÍospartaigh le chéile agus scaipeadh iad ar gach duine den fhoireann agus ar na hAturnaetha Stáit;
- Oibríonn lucht foirne Oifig an DPP go leanúnach leis na Gardaí chun cinntiú go gcoinnítear íospartaigh ó choireacht ar an eolas maidir lena gcás féin;
- Eagraíodh cruinnithe réamhthrialacha idir íospartaigh agus foireann an ionchúisimh i ngach cás inar chuí sin maidir le cásanna sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i rith na bliana 2012;
- Rinneadh iarratas ar athbhreithniú ar phianbhreith a measadh a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin maidir le 21 cás i rith na bliana 2012.

**2.1.46** Foilsíodh an dara Scéim de chuid na hOifige i leith na Gaeilge i mí Aibreán 2010 agus tá sin ar fáil ar an láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Cuirtear faoin scéim leis na geallúintí a leagadh amach sna scéimeanna a chuaigh roimpi, arna bhfoilsiú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cuirtear gach ceann d'fhoilseacháin na hOifige ar fáil go dátheangach agus tá láithreán gréasáin na

hOifige dátheangach go hiomlán chomh maith. Rinne an Oifig déileáil i rith na bliana 2012 le 10 gcinn de chásanna Ard-Chúirte agus le trí cinn de chásanna sa Chúirt Uachtarach i nGaeilge. Tháinig iarratais chuig an Oifigeach Gaeilge chomh maith maidir le haistriúchán ar 4 litir, 8 dteachtaireacht ríomhphoist agus 3 cháipéis a bhain le cásanna. Níor tháinig aon ghlao teileaóin i rith na bliana ar ghá don lucht foirne ar an bPainéal Gaeilge inmheánach déileáil leo.

# 2.2 CAITEACHAS NA hOIFIGE

Tugtar briseadh síos i gCairt 2.2.1 ar chaiteachas na hoifige i rith na mblianta 2012, 2011 agus 2010.

**Tuarastail & Pá:** Is ionann seo agus an caiteachas ar thuarastail na ndaoine atá fostaithe san Oifig. B'ionann líon iomlán na foirne ar an 1 Eanáir 2012 agus 194.5.

**Costais Oifige:** An caiteachas ginearálta maidir le riarachán ar an oifig atá i gceist leis seo agus tugtar san áireamh costas ceannacháin agus cothabhála maidir le trealamh oifige, soláthairtí oifige, costas leabharlannaíochta, costas cothabhála maidir le háitribh oifige, costas taistil agus caiteachas teagmhasach eile. An costas maidir le haistriú go dtí áitreabh oifige nua ba chúis den chuid is mó leis an ardú ar an gcaiteachas i rith na bliana 2012.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Is é a bhaineann leis seo tuarastail agus costais a íoc le 32 Aturnae Stáit atá i mbun cleachtais ar bhonn príobháideach agus atá ar conradh ag an Oifig seo maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Is de réir pharaiméadair atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais a shocraítear na táillí.

**Costais Ghinearálta Dlí:** Is é atá i gceist leis seo íocaíochtaí i ndáil le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i gcás athbhreithnithe breithiúnacha agus iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí in aghaidh an Stiúrthóra. Tugtar san áireamh le caiteachas na bliana 2012 costais €2.046 milliún a bhain le trí cinn de chásanna a raibh costas seachas mar is gnáth i gceist leo.

## CAIRT 2.2.1: CAITEACHAS OIFIGE

| | 2012 € | % | 2011 € | % | 2010 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 12,433,570 | 32% | 12,357,035 | 34% | 12,082,779 | 29% |
| Costais Oifige | 2,581,245 | 7% | 1,994,473 | 5% | 2,085,318 | 5% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,436,710 | 16% | 6,302,448 | 17% | 6,321,857 | 15% |
| Táillí Abhcóide | 12,277,163 | 32% | 13,501,066 | 37% | 14,734,046 | 36% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 5,118,017 | 13% | 2,622,289 | 7% | 6,078,790 | 15% |
| **IOMLÁN** | **38,846,705** | | **36,777,311** | | **41,302,790** | |



Léirítear i gCairteanna 2.2.2 & 2.2.3 briseadh síos ar an gcaiteachas i ndáil le táillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus briseadh síos de réir an réigiúin i ndáil leis an gCúirt Chuarda Choiriúil.

Tugtar san áireamh leis na táillí a íocadh le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, táillí i ndáil le comhairle maidir le cruthúnas, leis an dréachtadh maidir le díotáil, le comhairliúchán, le díotchúiseamh, le cás a chur i láthair agus le hócáidí eile ar ghá theacht i láthair e.g. pianbhreith a fhógairt.

Táillí i ndáil le hiarratais ar bhannaí agus leis an obair ullmhúcháin agus le héisteachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach is mó a bhaineann leis an gcaiteachas ar tháillí maidir leis an Ard-Chúirt.

## CAIRT 2.2.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

| | 2012 € | % | 2011 € | % | 2010 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Chuarda | 6,832,055 | 56% | 7,440,212 | 55% | 7,596,660 | 52% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 3,389,493 | 28% | 3,614,669 | 27% | 4,338,447 | 29% |
| An Ard-Chúirt | 1,097,662 | 9% | 1,389,815 | 10% | 1,542,024 | 10% |
| An Chúirt Uachtarach | 207,376 | 2% | 124,711 | 1% | 362,573 | 2% |
| An Chúirt Achomhairc Choiriúil | 415,389 | 3% | 695,512 | 5% | 518,596 | 4% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 324,105 | 3% | 228,126 | 2% | 341,533 | 2% |
| An Chúirt Dúiche | 11,083 | 0% | 8,021 | 0% | 34,213 | 0% |
| **IOMLÁN** | **12,277,163** | | **13,501,066** | | **14,734,046** | |



## CAIRT 2.2.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

| | 2012 € | % | 2011 € | % | 2010 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 3,793,304 | 56% | 4,012,452 | 54% | 4,202,177 | 55% |
| Cuaird Chorcaí | 516,238 | 8% | 638,650 | 9% | 692,302 | 9% |
| Cuaird an Oirthir | 587,581 | 9% | 607,674 | 8% | 539,473 | 7% |
| Cuaird Lár Tíre | 268,423 | 4% | 244,022 | 3% | 346,800 | 5% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 764,846 | 11% | 767,844 | 10% | 603,052 | 8% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 478,994 | 7% | 675,173 | 9% | 630,816 | 8% |
| Cuaird an Iarthair | 230,683 | 3% | 257,192 | 3% | 305,835 | 4% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 191,986 | 3% | 237,205 | 3% | 276,205 | 4% |
| **IOMLÁN** | **6,832,055** | | **7,440,212** | | **7,596,660** | |



# 2.3 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2011

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| Seirbhís | | 2011 Soláthars na Meastacháin €'000 | 2011 Toradh €'000 | 2010 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **ADMINISTRATION** | | | | |
| **A.1.** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 13,717 | 13,230 | 12,928 |
| **A.2.** | Taisteal agus Cothabháil | 119 | 101 | 97 |
| **A.3.** | Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 1,115 | 850 | 937 |
| **A.4.** | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 294 | 241 | 270 |
| **A.5.** | Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha | 917 | 438 | 494 |
| **A.6.** | Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige | 820 | 509 | 523 |
| **A.7.** | Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an | 40 | 25 | - |
| **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | | |
| **B.** | Táillí Abhcóide | 14,000 | 13,501 | 14,734 |
| **C.** | Costais Ghinearálta Dlí | 6,500 | 2,622 | 6,079 |
| **D.** | Seirbhís na nAturnaetha Stáit Áitiúla | 6,335 | 6,303 | 6,322 |
| | **Ollchaiteachas** | **43,877** | **37,820** | **42,384** |
| | *Lúide -* | | | |
| **E.** | Leithreasaithe-i-gCabhair | 614 | 1,043 | 1,031 |
| | **Glaniomlan** | **43,263** | **36,777** | **41,353** |
| | AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH | | **€6,485,688** | **€1,887,211** |

# 2.4 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR 2012 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2012

**2.4.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**2.4.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le trí cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €1,866. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €6,065 as luach iomlán íocaíochtaí de €2.84 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €948.22.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

**2.4.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Trráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**2.4.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**2.4.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Bealtaine 2013

# 2.5 PRÍOMHTHORTHAÍ OIBRE

**2.5.1** Is í bunfheidhm Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí stiúradh agus maoirsiú a dhéanamh i ndáil le hionchúiseamh poiblí agus nithe gaolmhara maidir le cúrsaí coiriúla. Is ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht imscrúdúcháin náisiúnta, a thagann formhór na gcásanna lena n-déileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Cuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna faoi bhráid na hOifige freisin, na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Post, an tÚdarás Iomaíochta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla san áireamh.

**2.5.2** Is é sprioc ardleibhéil a chuirtear roimh an Oifig seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil thar ceann mhuintir na hÉireann. Ní mór don Oifig, d'fhonn sin a thabhairt i gcrích, cinntiú go ndéantar déileáil le comhaid maidir le himscrúdú coiriúil a chuirtear faoi bhráid na hOifige go tráthúil ag teacht leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí de réir mar atá siad foilsithe.

**2.5.3** Sa bhliain 2011 tugadh athleagan amach ar na Meastacháin maidir le roinnt Vótaí ar bhonn an Chláir Straitéisigh ionas gur tugadh san áireamh faisnéis áirithe maidir leis an bhfeidhmíocht i ndáil leis an toradh ar chaiteachas an Chláir agus an tionchar dá bharr. Ba é cuspóir a bhí leis an leagan amach nua go leagfaí freagracht ar eagraíochtaí na hearnála poiblí maidir leis an leithroinnt beartaithe ar chistí poiblí agus an úsáid éifeachtúil astu.

**2.5.4** Leagtar amach i gCairteanna 2.5.1 agus 2.5.2 thall na príomhthorthaí beartaíochta don Oifig maille leis an gcomhthéacs agus na táscairí tionchair. Chuir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an Buiséadú Feidhmíochta sin i bheidhm agus Meastachcáin 2012-2013 á n-ullmhú. Leagtar amach i gCairt 2.5.1 agus i gCairt 2.5.2 thall na príomhthorthaí oibre don Oifig chomh maith leis an gcomhthéacs agus na táscairí tionchair.

**NÓTA:** Baineann na staitisticí a luaitear sna cairteanna leis an obair a rinneadh ar chomhaid ionchúisimh agus imeachtaí dlí i rith na mblianta a shonraítear cibé an i rith na bliana a luaitear a tháinig na comhaid faoi bhráid nó i rith bhliain roimhe sin. Níl, ar an gcúis sin, na staitisticí a luaitear i gcomórtas go díreach leis na staitisticí a luaitear i gCuid 4 den tuarascáil seo a dhéantar a thiomsú ar bhonn na bliana ar cuireadh an comhad faoi bhráid na hOifige.

## CHART 2.5.1: PRÍOMHTHORTHAÍ OIBRE

| Beartaíocht Seirbhíse Poiblí: | 2012 Toradh na hOibre | 2013 Spriocthoradh |
|---|---|---|
| Treoracha a eisiúint i ndáil le hamhrastaigh a luaitear sna comhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid | Eisíodh Treoir i ndáil le 13,177 amhrastach (13,500 - 14,000*) | Treoracha a eisiúint i ndail le |
| Déileáil le himeachtaí cúirte ar díotáil a eascraíonn as treoir ionchúisimh | Déileáladh le 3,554 imeacht nua cúirte in aghaidh amhrastach chomh maith leis na hionchúisimh a rabhthas ag plé leo ó bhlianta roimhe seo (3,500 - 4,000*) | Déileáil le 3,500 - 4,000 imeacht nua cúirte in aghaidh amhrastach chomh maith leis na hionchúisimh a bhfuiltear ag plé leo cheana féin |
| Déileáil go díreach le comhaid ionchúisimh maidir leis an gCúirt Dhúiche i mBaile Átha Cliath | Déileáladh le 1,398 comhad (1,500 - 2,000*) | Déileáil le 1,400 - 1,900 comhad |
| Déileáil le cásanna achomhairc maidir leis an gCúirt Dúiche, ina measc achomharc i gcásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe | Déileáladh le 2,433 comhad achomhairc (2,000 - 2,500*) | Déileáil le 2,000 - 2,500 comhad achomhairc |
| Déileáil le hiarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus le cásanna faoi Athbhreithniú Breithiúnach | Déileáladh le 2,418 iarratas ar Bhannaí agus le 293 cás maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach (250 - 300*) | Déileáil le timpeall is 2,500 iarratas ar Bhannaí agus le 250 - 300 cás nua maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach |

* 2013 Spriocthoradht

## CHART 2.5.2: COMHTHÉACS & TÁSCAIRÍ TIONCHAIR

| Comhthéacs & Táscairí Tionchair | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 194.4 | 194.5 | 191.4 |
| Meántréimhse in aghaidh an amhrastaigh sular eisíodh treoracha (ó tháinig comhad ionchúisimh faoi bhráid) | 2 seachtaine - 44%<br>4 seachtaine - 61%<br>3 mhí - 84% | 2 seachtaine - 44%<br>4 seachtaine - 61%<br>3 mhí - 86% | 2 seachtaine - 44%<br>4 seachtaine - 61%<br>3 mhí - 85% |
| Táillí le habhcóidí (% d'athrú i gcomórtas leis an mbliain roimhe) | €14.73 milliún<br>(- 3.6%) | €14.734 milliún<br>(- 8%) | €12.23 milliún<br>(- 9.4%) |
| Costais dlí a cuireadh in aghaidh Oifig an DPP (% d'athrú i gcomórtas leis an mbliain roimhe) | €7.290 million<br>(+ 23%) | €2.62 milliún<br>(- 56.9%) | €5.12 milliún<br>(+ 95.4%) |

# 2.6 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.6.1** Foráiltear le halt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997 ceart deis a fháil ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus leis sin amháin. Fágann sin nach bhfuil teacht ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**2.6.2** Leanann an Oifig d'eolas SF a chur ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá an Leabhar Tagartha faoi alt 15 agus alt 16 ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie. Tugtar cuntas ar ghnó na hOifige san fhoilseachán sin agus leagtar amach cineálacha na dtaifead a choimeádtar.

**2.6.3** Trí iarratas déag a cuireadh faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2012. Diúltaíodh faoin Acht taifid a scaoileadh i ndáil le hocht gcinn de na hiarratais agus bhí aon iarratas amháin a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leis taobh amuigh den chóras SF. Aontaíodh an fhaisnéis a ghéilleadh nó a ghéilleadh i bpáirt i gcás ceithre cinn de na hiarratais. Ba í an chúis a bhí le diúltú faisnéis a ghéilleadh nach le riarachán ginearálta na hOifige a bhain na taifid a bhíothas a iarraidh

**2.6.4** Iriseoir a chuir isteach aon cheann amháin de na hiarratais agus ba ó dhaoine den phobal a tháinig an dá iarratas déag eile

**2.6.5** As ocht gcás diúltaithe, ní raibh ach aon chás amháin inar iarr an t-iarratasóir athbhreithniú inmheánach ar an gcéad chinneadh. Sa chás sin, seasadh leis an gcéad chinneadh. Rinne an t-iarratasóir céanna achomharc i leith an chinnidh leis an gCoimisinéir Faisnéise a sheas freisin leis an gcéad chinneadh.

| Iarratas a Fuarthas 2012 | |
|---|---|
| Diúltaíodh faoi alt 46(1)(b) | 8 |
| Tarraingíodh siar / déileáladh leis taobh amuigh de chúrsaí SF | 1 |
| Aontaíodh go hIomlán / i bPáirt | 4 |
| **IOMLÁN NA NIARRATAS** | **13** |

| Lucht Iarratais 2012 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 1 |
| Daoine den Phobal | 12 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2012 | |
|---|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach | 1 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 1 |

# 2.7 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2012

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2012

**2.7.1** I rith na bliana 2012, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,633.01 MWh fuinnimh. Is ionann sin agus méadú beag iomlán beagnach 4.2% i gcomparáid leis an ídiú ar fhuinneamh sa bhliain 2011. (Is é an fíorlaghdú céatadáin ná 18.6% de 1,927.30 MWh). Tagann an t-ardú de bharr 130 den fhoireann a athlonnú i rith an dara leath den bhliain 2012, á dtabhairt amach as oifigí nua-aimseartha agus á gcur isteach i bhfoirgnimh seanbhunaithe faoi úinéireacht an stáit atá ar na liostaí caomhnúcháin agus ar thailte dá gcuid féin ar Bhóthar na hOtharlainne. Is lú éifeachtúlachta a bhaineann leis na hárais sin ó thaobh fuinnimh de de dheasca an ré ar tógadh iad agus tá cuid mhór seomraí ar mó an toirt chiúbach iontu ná mar a bheadh i ngnáthchóiríocht oifige an lae inniu. Tháinig costas breise fuinnimh i gceist freisin mar gheall ar an ngá a bhí le feabhas maidir le soilse seachtracha ar fhearann na n-áras. Baineann an t-ídiú iomlán ar fhuinneamh le spás a théamh, cóiriú aeir, uisce te, soilse, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige eile sna hoifigí ar Bhóthar na hOtharlainne, ar Shráid an Rí Thuaidh agus (go dtí mí Meitheamh 2012) ar Shráid Mhuirfean.

Is mar seo a leanas a dhéantar an figiúr sin a ríomh:

- 959.25 MWh ó Leictreachas
- 673.76 MWh ó Ghás Nádúrtha

## BEARTA A RINNEADH I RITH NA BLIANA 2012

**2.7.2** Lean an Oifig i rith na bliana 2012, d'oibriú go dlúth le conraitheoirí cothabhála agus comhairleoirí seachtracha i mbun monatóireachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. I measc na mbeart a rinneadh i rith na bliana 2012, bhí siad seo a leanas:

- Leanadh leis an monatóireacht ar an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS) ar córas ríomhaireachta atá ann agus tháinig roinnt sábhála de thoradh ar an socrú na coirí gáis a mhúchadh ar feadh tréimhsí fada.
- Cuireadh i bhfeidhm an feachtas eolais leanúnach lena mbaineann comharthaí ag áiteamh ar a bhfoireann trealamh a mhúchadh gach tráth is féidir agus an staighre a úsáid in áit na n-ardaitheoirí.

## BEARTA ATÁ LEAGTHA AMACH DON BHLIAIN 2013

**2.7.3** Ar na bearta atá leagtha amach a dhéanamh i rith na bliana 2013, tá siad seo a leanas:

- Suirbhéireacht a dhéanamh ar árais nua agus bearta insliúcháin a dhéanamh de réir mar is féidir.
- Forfheabhsú a dhéanamh ar chóras na soilse taobh amuigh le fearas is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh.
- Gach téitheoir uisce a bheith ceangailte leis an BMS nó ar a laghad faoi rialú le hamadóirí.
- Leanacht leis an bhfeachtas feasachta trí chomharthaí agus póstaeirí.
- Seisiúin Eolais le comhairleoir ar chúrsaí bainistíochta i ndáil le fuinneamh, arna cheapadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, a shocrú do gach duine den fhoireann.
- Scrúdú ar úsáid leictreachais i rith na hoíche

# CUID 3:

## CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ

# 3.1 CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ 2012

## RÉAMHRÁ

3.1.1 Tugtar cuntas achoimre sa chaibidil seo ar roinnt breitheanna Cúirte le bliain anuas a bhfuil tábhacht leo nó díol suime ag baint leo nó ábhar fasaigh iontu maidir le hobair ionchúisimh. Níl i gceist de cheal spáis go ndéanfaí athbhreithniú cuimsitheach maidir leis an gcásdlí ar fad a tháinig chun cinn i rith na bliana 2012 ach ba cheart go mbeadh lón eolais don léitheoir as na cásanna a luaitear maidir le roinnt de na ceisteanna a thagann chun cinn ó thráth go chéile agus ionchúiseamh á dhéanamh maidir le cionta.

## JUDICIAL REVIEW CASES

### BAILÍOCHT BHARÁNTAIS FAOI ALT 29 DEN ACHT UM CHIONTA IN AGHAIDH AN STÁIT, 1939

***Ali Charaf Damache v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne* [2012] IESC11**

3.1.2 Bhí amhras ar an achomharcóir go raibh baint aige le comhcheilg maidir le cartúnaí Sualanach a dhúnmharú. Cheadaigh an Ceannfort Bleachtaireachta a raibh baint aige leis an imscrúdú barántas cuardaigh faoi alt 29 an Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit 1939 ionas go bhféadfaí áras cónaithe an achomharcóra a chuardach. Cúisíodh an t-achomharcóir ansin i gcion in aghaidh alt 13 den Acht um Oifig an Phoist (Leasú) 1951, arna leasú, i ndáil le teachtaireacht de chineál bagartha a sheoladh ar an teileafón. Chuir an t-achomharcóir in aghaidh bharántas cuardaigh a eisiúint ag Garda nach raibh ina pháirtí neodrach. D'iarr sé dearbhú go raibh alt 29 d'Acht na bliana 1939 arna leasú, in aghaidh an Bhunreachta sa chaoi ar lig sin do dhuine nach neamhchlaonta cinneadh a dhéanamh barántas a eisiúint. Ba é breith na Cúirte gur beart riaracháin atá i mbarántas cuardaigh a eisiúint sa chaoi nach gá gur breitheamh a d'eiseodh é ach leagadh béim ar an ngá gur ar bhealach breithiúnach a dhéanfaí an cinneadh ina leith. Measadh gur chóir gur duine neamhspleách a d'eiseodh barántas cuardaigh. Sa chás seo, duine de na Gardaí a raibh baint aige leis an imscrúdú a d'eisigh an barántas agus ní fhéadfadh dá bhrí sin go raibh sé neamhspleách ag plé leis an mbarántas cuardaigh. Leag an Chúirt béim ar thábhacht a bheith le háras cónaithe an amhrastaigh a bheith á chuardach maidir le cinneadh na Cúirte. Dá réir sin, thug an Chúirt Uachtarach de bhreith go raibh alt 29 den Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit 1939 in aghaidh an bhunreachta.

### DÉIRCÍNTEACHT THRÉAN / DUALGAS CRUTHÚNAIS

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. FR agus An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. JM* [2012] IEHC 19**

3.1.3 Rinneadh na cosantóirí a ionchúiseamh ar leithligh in alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 2011 a shárú i ndáil le déircínteacht ar bhealach a bheadh ina chiapadh nó ina imeaglú ar dhuine. Tugtar de shainmhíniú ar dhéirc a iarraidh san Acht go dtarlaíonn sin nuair a iarann duine airgead nó earraí ar dhuine eile gan ceadúnas, ceadú ná údarás chuige. Ba é áiteamh na cosanta i ngach cás nach raibh cruthaithe ag an ionchúisemh nach raibh ceadúnas, cead ná údarás ag an gcúisí déirc a iarraidh agus iarradh go gcaithfí amach an cás. Rinneadh cásanna a shonrú

don Ard-Chúirt agus tugadh faoi mheas cibé an dtarlaíonn an dualgas cruthúnais a leagan ar an gcúisí i gcás inar ag an té sin amháin a bheadh fios an raibh nó nach raibh cead, ceadúnas nó údarás aige nó aici. Thug an Chúirt faoi mheas bunphrionsabail an dlí coiriúil sa dlínse seo nach n-iarrtar ar chosantóir neamhchiontacht a chruthú agus, ach amháin nuair a dhéantar foráil dá mhalairt sa reachtaíocht, gur ar an ionchúiseamh i gcónaí a leagtar an dualgas cruthúnais maidir lena chruthú gan aon amhras réasúnach go bhfuil sé nó sí ciontach. Ba é breith na Cúirte go bhfuil an dualgas cruthúnais ar an ionchúiseamh i gcónaí cás prima facie a leagan amach gur tharla déirce a iarraidh gan údarás dleathach chuige sin. Is faoin gcúisí ina dhiaidh sin amhras réasúnach a chaitheamh ar an déircínteacht sin a bheith neamhdhleathach dáiríre.

## CION NA BUGAIREACHTA AR CEAL

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. An Breitheamh Mary Devins agus M. O'M.*** **[2012] IESC 7**

**3.1.4** Rinneadh an t-achomharcóir a ionchúiseamh inter alia i gcion amháin bugaireachta a líomhnaíodh tarlú sa bhliain 1970. Mheas an Chúirt gur cion faoin dlí coiteann a bhí i gcion bugaireachta a raibh deireadh curtha leis faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéis) 1993. Ní dhearnadh foráil d'fhorálacha sealadacha ar bith leis an Acht sin. Tháinig i gceist mar sin cibé an bhféadfaí an t-achomharcóir a ionchúiseamh i gcion a líomhnaíodh tarlú sa bhliain 1970 ach a raibh deireadh curtha leis ón mbliain 1993. Bheadh alt 1 den Acht Léiriúcháin (Leasú) 1997 ina leigheas ar an gcás ach nach bhféadfaí sin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach. Bhí dá réir sin lacuna sa dlí i ndáil le cion bugaireachta idir an bhliain 1993 agus an bhliain 1997. Thug an Chúirt ar aird nach raibh aon tagairt faoi leith do chion bugaireachta san Acht Léiriúcháin (Leasú) 1997, agus dá réir sin nach raibh seasamh an achomharcóra faoin dlí soiléir. Thug an Chúirt ar aird na forálacha sin faoi alt 1(4) san Acht lena bhforáiltear do theorainniú cuí a chur i bhfeidhm i ndáil leis na forálacha sa chás nach dtagann forálacha an ailt le cearta dhuine faoin mbunreacht. Tugadh ar aird chomh maith chomh maith gur go cúlghabhálach a bheadh an fhoráil san Acht Léiriúcháin (Leasú) 1997 trína n-airbheartófaí an cás a réiteach a fheidhmiú dá mbeifí á feidhmiú i ndáil leis an achomharcóir. Ba é breith na Cúirte go raibh de cheart ag an achomharcóir faoin mbunreacht nach ndéanfaí ionchúiseamh maidir le cion a raibh deireadh curtha leis ag an Oireachtas gan forálacha sealadacha ná cosantacha a lua. Bheadh ina shárú ar cheart an achomharcóra a chur faoi thriail de réir phróisis chuí an dlí dá gcuirfí forálacha an Achta Léiriúcháin (Leasú) 1997 i bhfeidhm go cúlghabhálach. Chuir an Chúirt dá bhrí sin cosc ar an achomharcóir a ionchúiseamh i gcion bugaireachta.

## ALT 3 AGUS ALT 5 DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA GNÉIS) 2006 - IDIRDHEALÚ INSCNE

***M.D. (mionaoiseach) v. Éire, an tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** **[2012] IESC 10**

**3.1.5** D'áitigh an gearánaí nach raibh forálacha alt 3 agus alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéis) 2006 ag teacht leis an mbunreacht. Áitíodh go raibh idirdhealú i gceist leis na forálacha ó tharla gur fireannaigh mionaoiseacha amháin a mbeadh ionchúiseamh dlite ina n-aghaidh faoi na forálacha sin. Ina ainneoin sin, ba é tuairim na Cúirte go bhfágann an tAcht go mbeadh dlite duine de cheachtar inscne a ionchúiseamh maidir le mórchuid na gcionta faoin Acht a dhéanamh agus go bhfuil baineannach saor ó dhliteanas coiriúlachta nuair is lánúnas collaí an cion atá i gceist ach nach mbeadh sí saor ó dhliteanas i ndáil le cionta gnéis eile. I ndáil le halt 5 an Achta, ba é breith na cúirte go raibh an tOireachtas i dteideal socrú ar an mbeartas sóisialta agus go raibh cinneadh oibiachtúil déanta socrú ar an mbeartas sóisialta seo mar mhodh chun cailíní óga a chosaint ar thoircheas. Dhiúltaigh an Chúirt don áiteamh go raibh na forálacha in aghaidh an bhunreachta

## CEART CIÚNAIS

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Christian Roibu* [2012] IEHC 421**

**3.1.6** Ciontaíodh an t-achomharcóir sa Chúirt Dúiche i ndíobháil coiriúil mar gheall ar fhuinneog a bhriseadh. Ba í an chosaint a chuir sé chun cinn nach eisean a bhris an fhuinneog ach fear eile. Ainneoin an chosaint ag cur ina aghaidh, cheadaigh breitheamh na Cúirte Dúiche don Gharda ionchúisimh fiafraí den chúisí ar a chroscheistiú cén fáth nár inis sé do na Gardaí gur duine eile a bhris an fhuinneog. Threoraigh an breitheamh dó an cheist a fhreagairt. Ba é breith na Cúirte gur sáraíodh ceart ciúnais an chúisí leis an socrú cead a thabhairt an cheist a chur air agus treoir an bhreithimh dó an cheist a fhreagairt. Ar an gcúis sin agus ar chúiseanna eile, thug an Chúirt de bhreith gur chóir an t-ionchúiseamh a chaitheamh amach.

## MOILL

***Patrick Enright v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Breitheamh Carroll Moran* [2012] IESC 54**

**3.1.7** Rinneadh an t-iarratasóir a ionchúiseamh i ndeich gcinn de chionta brionnaithe a líomhnaíodh a rinneadh ar dhátaí éagsúla i rith na bliana 1994. Cúisíodh é sa bhliain 1996. Tharraing breitheamh na Cúirte Dúiche agus an tAturnae Stáit áitiúil araon siar ón gcás ó bhí aithne ag gach aon duine acu ar an iarratasóir, agus cuireadh an cás dá bhrí sin faoi chúram bhreithimh eile agus Aturnae Stáit as ceantar eile. Ó tharla go raibh an breitheamh a raibh an cás faoina chúram ag suí i ndúiche eile chomh maith, cuireadh an chúis ar athló arís agus arís eile idir an 22 Deireadh Fómhair 2008 agus an 4 Samhain 2009. Bhí an dara Aturnae Stáit a ceapadh leis an gcás breoite. Níor iarr an t-ionchúiseamh ná an chosaint breitheamh eile arís ná Aturnae Stáit eile a chur i mbun an cháis. Sa deireadh ar an 7 Nollaig 2009, rinne an t-achomharcóir iarratas leis an mbreitheamh na himeachtaí a chaitheamh amach mar gheall ar mhoill. An 1 Feabhra 2010, rialaigh breitheamh na Cúirte Dúiche in aghaidh an achomharcóra agus cuireadh an cás ar athló go dtí an 26 Feabhra 2010 go dtógfaí teistíochtaí. Cuireadh an t-achomharcóir siar ar a thriail ansin agus luadh an cás roinnt uaireanta ar an liosta do dhátaí socraithe go dtí gur socraíodh ar an 5 Eanáir 2011 dáta na trialach ar an 5 Aibreán 2011. Ar an 28 Feabhra 2011, rinneadh an t-iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach ag lorg ordú a chuirfeadh cosc ar an DPP leanacht ar aghaidh leis an ionchúiseamh mar gheall ar mhoill. Ina ainneoin sin, cé gur tugadh ar aird go bhféadfadh an t-ionchúiseamh beart a bheith déanta chun roinnt de na fadhbanna a bhí tagtha chun cinn a réiteach, thug an Chúirt ar aird go bhféadfadh an chosaint sin a bheith déanta acu freisin. Bhreithnigh an Chúirt na cásanna dlí maidir le moill d'fhonn a shocrú an raibh dlite mar gheall ar mhoill a raibh a locht ar an ionchúiseamh, an t-ionchúiseamh a chosc. Thug an Chúirt ar aird go raibh glactha leis nár tharraing an mhoill aon dochar don achomharcóir. Anuas air sin, ní raibh aon fhadhb, mar shampla cuimhne lochtach maidir le finnéithe nó aitheantas i gceist ó bhí an cás ag brath den chuid is mó ar fhianaise cáipéisíochta. Ba é breith na Cúirte dá bharr sin nach raibh aon tosca le hionchúiseamh a chosc.

Thionscain an t-achomharcóir imeachtaí freisin sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine arna áiteamh go raibh sárú ar a chuid ceart faoi Airteagal 6 sa Choinbhinsiún um Chearta an Duine mar gheall ar an moill maidir le hionchúiseamh a dhéanamh, agus faoi choimirce na Cúirte sin, tháinig seisean agus Rialtas na hÉireann ar shocrú faoin gcás. Ba é breith na Cúirte nach gciallódh breith gur tharla sárú ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine maidir le ceart ar thriail tráthúil gur ghá go mbeadh triail éagórach. Chaith an Chúirt amach achomharc an iarratasóra.

## CÓIR CHOMHIONANN

***Mona Lisa Brehuta v. John Coughlan, Breitheamh den Chúirt Dúiche, agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2012] IEHC 498**

**3.1.8** Ciontaíodh an t-iarratasóir agus beirt chompánach ar leithligh i gcionta meallta maidir le cionta den chineál céanna atá in aghaidh alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil

(Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm maidir leis an mbeirt chompánach nach raibh fostaithe agus dá réir sin níor cláraíodh ciontú in aghaidh cheachtar den bheirt. Bhí an t-iarratasóir fostaithe agus í ag saothrú €350.00 in aghaidh na seachtaine. Ciontaíodh ise agus gearradh fíneáil €500.00 uirthi. Rinne sí iarratas go ndéanfaí an ciontú agus an fhíneáil a mhúchadh trí Athbhreithniú Breithiúnach ar an mbunús gur chóir pianbhreith a bheith gearrtha uirthi ar an mbealach céanna lena cuid compánach sa chion céanna. Ar na haighneachtaí agus cásanna dlí a thabhairt faoi mheas, ba é breith na Cúirte nach mbeadh ceist ar bith ann sa chás gur ciontaíodh an triúr agus gur gearradh pianbhreith éagsúil ar an iarratasóir mar gheall ar a bheith ag obair agus in acmhainn fíneáil a íoc. Ba é breith na Cúirte áfach gur gá caitheamh mar a chéile le daoine atá i gcás mar a chéile agus go bhfágfaí duine réasúnach ar bith ar an tuairim gur tharla éagóir dá mbeadh beirt as triúr cúisithe ag fágáil na cúirte gan a gciontú (an toradh atá ar chaitheamh amach faoin Acht Promhaidh) agus an trí duine á ciontú ar an mbunús sin amháin go raibh sí fostaithe. Ba é na cúise de réir bhreith na Cúirte nach bhféadfadh an cheist maidir le duine amháin acu a bheith fostaithe bheith ina thoisc le socrú cibé an gcaifí amach na cúiseanna in aghaidh an triúr nó an gciontófaí iad. Ba é breith na Cúirte nach bhfacthas aon idirdhealú di idir an t-iarratasóir agus an bheirt chompánach a bhain le hábhar ionas go mbeadh sin ina chúis leis an Acht Promhaidh a shéanadh uirthise nuair a bhí sochar as ag a cuid compánach. Thug an Chúirt ordú certiorari dá bhrí sin agus rinneadh an t-ordú ciontaithe a mhúchadh..

## TÁSTÁIL ANÁLA - ALT 12 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 1961

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra an Gharda Conor Byrne) v. Joseph Healy, an Ard-Chúirt 22 Deireadh Fómhair 2012 – breith ex tempore***

**3.1.9** 9Achomharc i bhfoirm Cás Sonraithe a bhí anseo i ndáil le ciontú faoi alt 12 (2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú. D'áitigh an cúisí sa Chúirt Dhúiche gur stopadh é maidir le bheith ag tiomáint gan crios sábhála agus gur ansin a d'oibrigh an Garda alt 12 chun tástáil anála a dhéanamh ar thaobh an bhóthair. Ba é breith bhreitheamh na Cúirte Dúiche gur go héaguibhiúil a d'éiligh an Garda tástáil anála a dhéanamh ar thaobh an bhóthair faoi alt 12 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú, sa chás nach raibh tagtha ag an nGarda ar aon tuairim seachas nach raibh crios sábhála á chaitheamh ag an gcúisí. Ba é breith na hArd-Chúirte nach raibh an ceart ag an mbreitheamh ag teacht ar an mbreith sin agus nach raibh an ceart aige an t-ionchúiseamh a chaitheamh amach.

## DUINE SONRAITHE DE RÉIR ALT 4 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 2010

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra an Gharda Janice Catherine O'Neill) v. John Kelly* [2010] IEHC 540**

**3.1.10** Ba é breith na hArd-Chúirte nach cruthúnas bunriachtanach sa chás go ndéantar duine a ionchúiseamh in alt 4(4)(a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 a shárú a léiriú gur duine sonraithe a bhí sa té sin de réir mhíniú alt 3 an Achta. Ní mór don ionchúiseamh, maidir le ciontú faoi alt 4, a chruthú go raibh an cosantóir i mbun tiomána taobh istigh de thréimhse ama faoi leith agus go raibh an tráth céanna níos mó ná 22 micreagram d'alcól in aghaidh 100ml anála ar a chuid nó a cuid anála. Is féidir duine ar bith, duine sonraithe nó duine eile, a chiontú faoin alt má chruthaítear an cás. Os a choinne sin, más mar dhuine sonraithe atá duine á ionchúiseamh, ní mór don ionchúiseamh sa chás sin a chruthú gur duine sonraithe a bhí ann a bhí i mbun tiomána agus níos mó ná 9 micreagram alcóil ar a chuid nó a cuid anála. Ba é breith na cúirte mar sin go raibh an aicme speisialta san áireamh leis an aicme ghinearálta. D'eitigh an Chúirt an coincheap go bhféadfadh cosantóir ionchúiseamh ina aghaidh nó ina haghaidh féin a chur ó mhaith trína áiteamh gur chóir don ionchúiseamh a bheith cruthaithe gur duine sonrach nó nach duine sonrach a bhí sa chosantóir.

# AN CHÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL

## ACHOMHARC MAIDIR LE PIANBHREITH – DEIMHNÍODH 18 BLIANA

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Michael Byrne* [2012] IECCA 72**

3.1.11 Rinneadh an tUasal Byrne a ionchúiseamh inter alia i hearóin a bheith ina sheilbh dar luach €6.2m agus sin in aghaidh alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977, arna leasú. Phléadáil sé neamhchiontach agus chosain é féin trí fhianaise a thabhairt ar a shon féin. Ar phianbhreith ocht mbliana déag príosúnachta a ghearradh air, thug Breitheamh na trialach le tuiscint gur beag scóip a bheadh ann bá a bheith leis an gcúisí a thug mionn éithigh sa bhosca fianaise. D'áitigh an t-achomharcóir gur gearradh píonós air as an gcás a chosaint agus go raibh, ar chuma ar bith, an pianbhreith a gearradh iomarcach i ndáil leis an gcion a bhí i gceist. Ba é breith na Cúirte i ndáil leis an gcéad fhoras achomhairc, nach raibh aon idirdhealú idir an cás agus Muintir na hÉireann (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v. Daly [2011] IECC A104. Ba é breith na Cúirte go raibh Breitheamh na trialach ríchúramach go gcinnteofaí nach ngearrfaí píonós ar an gcúisí as pléadáil neamhchiontach agus gach uile pointe den chás a chosaint. Ba é breith na Cúirte gur ghá dá bhrí sin a bhaint de chiall as caint an Bhreithimh gurbh é a bhí i gceist nach raibh an cúisí i dteideal caitheamh leis ar bhealach níos báúla mar a d'fhéadfadh tarlú i gcás chúisí a phléadáil ciontach agus a léirigh a bheith i ndólás.

Maidir leis an dara foras achomhairc, thug an Chúirt chun aird ar fhorálacha alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977, arna leasú, trína bhforáiltear do phríosúnacht saoil mar phíonós agus do phianbhreith íosta nach lú ná deich mbliana príosúnachta ach amháin i gcúinsí eisceachta áirithe. Luaigh an Chúirt nach raibh cúinsí eisceachta den sórt sin ag baint leis an gcás agus go raibh dlite ar an gCúirt dá bhrí sin pianbhreith deich mbliana príosúnachta ar a laghad a ghearradh. Ba é breith na Cúirte freisin go raibh roinnt tosca géaraitheacha ag baint leis an gcás. Mheas an Chúirt gur bhain an cás Muintir na hÉireann (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v. Long le hábhar agus luadh chomh maith leis sin go ndearnadh, i gcás Daly thuas, pianbhreith cúig bhliana fichead príosúnachta maidir le seilbh ar chócaoin dar luach níos mó ná €108m a dheimhniú. Ba é breith na Cúirte nár fhág an anailís leitheadach ar an bpolasaí maidir le pianbhreitheanna i gcás Long a chur i bhfeidhm go mba léir aon chúis le hamhras faoin bpianbhreith a gearradh sa chás seo. Ba é a mhalairt é, mheas an Chúirt gur chuir sin bonn treise faoi.

## RÓTHRÓCAIRE – PIANBHREITH NÍOS GÉIRE

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Gary Kinsella* [2012] IECCA 73**

3.1.12 Cúisíodh an freagróir, Gary Kinsella, in éigniú, marú a bhagairt agus ionsaí ba chúis le díobháil ar an 7 Lúnasa 2008. Ba ghá ligean leis an dá dháta tosaigh don triail agus ar an triú iarraidh thug an gearánaí a cuid fianaise sular phléadáil an cúisí ciontach. Gearradh ocht mbliana príosúnachta go hiomlán air agus an bhliain deiridh ar fionraí. D'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athrbhreithniú ar an bpianbhreith ar fhoras róthrócaire.

Luaigh an Chúirt gur thug Breitheamh na trialach faoi cheist na pianbhreithe ar bhealach soiléir staidéarach ach mheas an Chúirt go raibh ocht mbliana mar bhunphointe íseal agus gur bhog i gcúinsí an cháis an bhliain deiridh a chur ar fionraí. Thagair an Chúirt don choinníoll go dtabharfaí an tráth sna himeachtaí a bpléadáileann an cúisí ciontach san áireamh agus creidmheas á cheadú maidir le pléadáil mar sin. Ós amach go mór sna himeachtaí a phléadáil an cúisí ciontach agus cúis an-láidir ina choinne, mheas an Chúirt gur fíorbheagán sochair ba cheart a ligean leis as sin. Mheas an Chúirt chomh maith gurbh earráid i bprionsabal dearcadh Bhreitheamh na trialach gur ar cheann na gcionta is éadroime de scála na gcionta tromchúiseacha a bhí an cás agus go raibh an phianbhreith róthrócaireach i gcúinsí an cháis. Chuir an Chúirt dá bhrí sin fad leis an bpianbhreith gur

gearradh deich mbliana ar an gcúisí agus na sé mhí deiridh ar fionraí ar choinníollacha faoi leith.

## PIANBHREITH A GHEARRADH I GCIONTA MAIDIR LE CÁIN/LEAS SHÓISIALACH

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Paul Murray* [2012] IECCA 6**

**3.1.13** Bhí roinnt cionta maidir le leas shóisialach déanta ag an achomharcóir agus suim beagán faoi bhun €249,000 gnóthaithe aige in imeacht roinnt blianta as liúntais éagsúla a éileamh faoi naoi n-ainm éagsúil. Gearradh 12.5 bliana de phianbhreith air. Nuair a gabhadh i mí Deireadh Fómhair 2010 é, fuarthas cuid mhór cáipéisí a chuirfeadh bonn faoi na haitheantais bhréige ina sheilbh, pas bréige ina measc. Ba é tuairim na Cúirte go ndearna sé maith agus nithe a admháil leis na Gardaí agus comhoibriú leo agus gur phléadáil sé ciontach luath sa chás ionas gur spáráladh an costas a bhainfeadh le triail fhada ar an Stát. Os a choinne sin, tugadh chun aire nach raibh ach suim bheag den airgead a íocadh ar ais. Anuas air sin, ciontaíodh roimhe sin i gcalaois leasa shóisialaigh é sa Ríocht Aontaithe thart ar an mbliain 1993. Bhí náire mhór tarraingthe aige ar dhaoine muinteartha leis ar bhain sé úsáid as a gcuid ainmneacha. Mheas an chúirt gur fothacar de phrionsabal leathanréimseach na comhréireachta atá dáiríre i bprionsabal na hiomláine agus cé go mbeadh sé mhí príosúnachta cóir i gcás gach beart calaoise maidir le leas shóisialach, nach raibh le baint as sin gur dhá bhliain déag agus sé mhí an phianbhreith ba cheart a ghearradh ar an gcúis amháin gur ciontaíodh an t-achomharcóir i gceithre chalaois fhicead den chineál céanna maidir leis an gcóras leasa shóisialaigh. Mheas an Chúirt go raibh prionsabal na hiomláine á shárú leis an bpianbhreith sin agus gur iondúil pianbhreith chomh géar leis sin ag baint le cionta tromchúiseacha in aghaidh an duine. Ina ainneoin sin measadh ciontacht an achomharcóra bheith suntasach ann féin agus tugadh san áireamh mar thosca ghéaraitheacha gur ghoid sé aitheantais dheartháireacha agus dheirfiúracha dá chuid agus dhaoine eile agus go ndearnadh falsú ar dhoiciméid phoiblí de leithéid phasanna agus cheadúnais tiomána. Ba é breith na Cúirte gur cheart gur pianbhreith naoi mbliana príosúnachta a bheadh sa phianbhreith tosaigh agus thángthas ar an gcomhairle sin trí chiontú i dtrí cinn de na cúig chion is fiche maidir le calaois leasa shóisialaigh agus pianbhreith trí bliana a ghearradh maidir le gach ceann acu a rithfeadh as a chéile, an bhliain deiridh ar fionraí. Bhí an phianbhreith maidir leis an gcion faoi phas le rith i gcomhthráth. Tugadh na cionta eile san áireamh.

# IARRATAIS HABEAS CORPUS

## TÁ LEORDHÓTHANACHT FÓGRA I NDÁIL LE HIMEACHTAÍ COIRIÚLA AR NA CEISTEANNA AR FÉIDIR DÉILEÁIL LEO TRÍ FHIOSRÚCHÁN FAOI ALT 40.4.2

***Gary Bailey v. Gobharnóir Phríosún Mhuinseo* [2012] IEHC 366**

**3.1.14** Ciontaíodh an t-iarratasóir i gcionta éagsúla maidir le trácht ar bhóithre agus gearradh pianbhreith ceithre mhí príosúnachta air a ndearna sé achomharc mar gheall air. Tuigeadh dó an 15 Iúil 2012 go raibh barántas eisithe ina leith agus tháinig sé i láthair ag an Stáisiún Gardaí cuí mar ar feidhmíodh an barántas chun a chur chun trialach agus tugadh chun príosúin é. Faoi mar a tharla, bhí déileáilte leis an achomharc an 13 Meitheamh 2012 agus nuair nár tháinig an t-achomharcóir ná ionadaí thar a cheann i láthair, rinneadh Ordú na Cúirte Dúiche a dheimhniú. Rinne an t-iarratasóir iarratas habeas corpus ar an mbunús nár cuireadh an dáta éisteachta maidir leis an Achomharc in iúl dó féin ná dá aturnae. Tharraing an freagróir réamhphointe faoi chúrsaí dlínse anuas ag fiafraí ar trí Athbhreithniú Breithiúnach seachas habeas corpus ba chóra an t-iarratas a dhéanamh agus an bhreith i gcás *McSorley* mar bhun leis an gcúis. Bhreithnigh an Chúirt breitheanna na Cúirte Uachtaraí sa chás sin agus i gcás *Sheehan agus cás McDonagh*. Tháinig an Chúirt ar an gcomhairle gur cás ann féin agus cás eisceachta a bhí i gcás *McSorley* nach

mbaineann ach le cásanna ina bhfuil amhras á chaitheamh ar chlú an Bhreithimh chomh mór agus gur ghá dul i muinín Athbhreithnithe Breithiúnaigh ionas go ligfí don Bhreitheamh a chuid tuairimí féin a chur i láthair. Thug an Chúirt chun aire nach ndearna an Chúirt Uachtarach, chomh fada agus a bhí riail curtha ar bun le cás *McSorley* nach mbeadh faoiseamh ar fáil faoi Airteagal 40.4.2 sa Bhunreacht ach amháin nuair is soiléir gur neamhdhleathach an choinneáil, a leithéid de riail a leanach roimhe ná ina dhiaidh sin agus dá réir sin níor mheas an Chúirt go raibh aon cheangal ina leith. Ba é comhairle na Cúirte chomh maith go gcúngófaí le riail dá leithéid an scóp maidir le réiteach faoi Airteagal 40.4.2, réiteach arbh é tuairim na Cúirte go raibh buntábhacht leis maidir le saoirse an phobail agus luadh Kafka i ndáil leis an tuairim sin. Dhiúltaigh an Chúirt d'áiteamh an fhreagróra agus leanadh leis an bhfiosrúchán faoi Airteagal 40.4.2 an Bhunreacht.

## CIONTÚ A BHEITH NEAMHDHLEATHACH MAR GHEALL AR CHÁS DAMACHE / CRUTHÚ GO RAIBH TOILIÚ AN STIÚRTHÓRA LE TRIAIL SNA GNÁTHCHÚIRTEANNA

### *Michael O'Callaghan v. Gobharnóir Phríosún Chorcaí* [2012] IEHC 325

**3.1.15** Gearradh 10 mbliana príosúnachta ar an iarratasóir i ngeall ar robáil le harm tine. D'eascair an fhianaise a cheangail leis an robáil é ó fhianaise DNA a baineadh de bhun toitín a fuarthas ar a áras cónaí a chuardach faoi alt 29 an Achta um Chionta in aghaidh an Stáit 1939. Beagán le cois bliana tar éis a chiontaithe, ba é breith na Cuairte Uachtaraí sa chás *Ali Charaf Damache v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tArd-Aighne* nach raibh alt 29 an Achta um Chionta in aghaidh an Stáit de réir an bhunreachta. Rinne an t-iarratasóir iarratas habeas corpus ar fhoras a chiontú a bheith neamhdhleathach anois de thoradh na breithe maidir le cás *Damache*. Bhíothas ag feitheamh ar chás achomhairc sa Chúirt Achomhairc Choiriúil. Ina ainneoin sin, ba é breith na Cúirte nach bhféadfaí a rá, fiú sa chás go bhféadfadh sé an pointe maidir le cás *Damache* a thapú sa chás achomhairc, agus fiú dá n-éileofaí faoi riail eisiatachta nach gceadófaí an fhianaise a thabhairt san áireamh, go raibh aon ní a bhí in aghaidh an bhunreachta chomh bunúsach i ndáil leis an gciontú agus go bhfágfaí uireasach sin maidir le buntréithe dlí faoin mBunreacht de réir Henchy B. sa chás *An Stát (Royle) v. Kelly* [1974] I.R. 259, 26.

D'áitigh an t-iarratasóir chomh maith nach raibh cruthúnas ar bith gur thoiligh an DPP le triail i ngeall ar an gcion maidir le harm tine sna gnáthchúirteanna mar a bheadh de dhíth lena chur ar a thriail ansin ós cion sceidealta atá ann ar infheidhme ina leith alt 45(2) d'Acht na bliana 1939. Luaigh an Chúirt forálacha alt 4(3) an Achta um Ionchúiseamh i gCionta 1974 agus tugadh chun aire gur inis Abhcóid an ionchúisimh don Chúirt sa Chúirt Chuarda gur tugadh fianaise ar thoiliú an Stiúrthóra sa Chúirt Dhúiche agus tugadh chun aire chomh maith go raibh glactha ag an mBreitheamh sa Chúirt Chuarda leis sin. Dhiúltaigh an Chúirt iarratas an iarratasóra go ligfí saor é.

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

# STAITISTICÍ

## NÓTA MÍNITHE I NDÁIL LE STAITISTICÍ

**4.1** Cuireadh na staitisticí a leagtar amach sa tuarascáil seo le chéile ó as córas leictreonach Cásanna, Bainistithe Cáipéisí agus Rianaithe Comhad na hOifige.

**4.2** Oibríonn an córas ar bhonn slánchóirithe agus bíonn an uimhir thagartha cáis chéanna le gach gné de chás, ón bpróiseas tosaigh maidir le treoir go dtí achomharc sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, rud a fhágann gur féidir léargas a fháil ar ghnéithe éagsúla an cháis d'aon iarraidh amháin.

**4.3** Tá Cuid 4 briste síos i dtrí roinn ar leith

- Cairt 1 go dtí Cairt 5 (Cuid 4.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- Cairt 6 go dtí Cairt 10 (Cuid 4.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2011.
- Cairt 11 go dtí Cairt 13 (Cuid 4.3) a bhaineann le hiarratais chuig na Cúirteanna ar athbhreithniú ar phianbhreitheanna ar fhoras iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní a eascraíonn ó choiriúlacht; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.
- Tugann Cairt 14 (Cuid 4.4) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**4.4** Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 6 go dtí 10 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2012, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

**4.5** Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhfágfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meitheamh 2013.

**4.6** Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2012.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

**CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS**

| BLIAIN | COMHAID |
|---|---|
| 2002 | 13,963 |
| 2003 | 14,046 |
| 2004 | 13,903 |
| 2005 | 13,738 |
| 2006 | 15,279 |
| 2007 | 15,446 |
| 2008 | 16,144 |
| 2009 | 16,074 |
| 2010 | 15,948 |
| 2011 | 16,127 |
| 2012 | 15,289 |

Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA

| | 2012 | % | 2011 | % | 2010 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 1333 | 21% | 1736 | 25% | 1979 | 29% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 2433 | 38% | 2306 | 34% | 2177 | 32% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 2418 | 37% | 2545 | 37% | 2316 | 34% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 293 | 4% | 264 | 4% | 308 | 5% |
| **IOMLÁN** | **6477** | | **6851** | | **6780** | |



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

## CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

| | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 8812 | 9276 | 9168 |
| Lion na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin | 11942 | 12728 | 12575 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2010, 2011 agus 2012 (suas go dtí Meitheamh 2013). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.

**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2010 agus 2011 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS

| Treoir Déanta | 2012 | % | 2011 | % | 2010 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 4674 | 39% | 4847 | 38% | 4697 | 37% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 3379 | 28% | 3732 | 29% | 3916 | 31% |
| Diúscairt Achomair | 3744 | 31% | 4118 | 32% | 3949 | 31% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **11797** | **98%** | **12697** | **99%** | **12556** | **99%** |
| Faoi Bhreithniú | 145 | 2% | 31 | 1% | 19 | 1% |
| **IOMLÁN** | **11942** | | **12728** | | **12575** | |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo ('eile') gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.

## CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh | 2012 | % | 2011 | % | 2010 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 3678 | 79% | 3656 | 75% | 3514 | 75% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 72 | 2% | 80 | 2% | 95 | 2% |
| Leas an Phobail | 113 | 2% | 195 | 4% | 179 | 4% |
| Forais Simpiteacha | 1 | 0% | 21 | 0% | 37 | 1% |
| Tréimhse Ama Caite | 37 | 1% | 87 | 2% | 61 | 1% |
| Moill Mhíchuí | 36 | 1% | 29 | 1% | 31 | 1% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 192 | 4% | 256 | 5% | 212 | 4% |
| Rabhadh Aosach | 137 | 3% | 31 | 1% | 1 | 0% |
| Eile | 408 | 8% | 492 | 10% | 561 | 12% |
| **IOMLÁN** | **4674** | | **4847** | | **4691** | |



I mí Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Stiúrthóir athrú ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a lua le cinneadh ionchúisimh sa chás go gcinntear gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh isteach an polasaí ar bhonn píolótach faoina dtugtar na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcás a raibh bás i gceist leis do mhuintir nó do theaghlach an íospartaigh ar iadsan sin a iarraidh. Go dtí gur tháinig an t-athrú sin ar an bpolasaí, thugtaí na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh don Gharda Síochána nó don Aturnae Stáit ach ní luaití cúiseanna le haon duine den phobal. Tá an polasaí seo i bhfeidhm maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan leanacht ar aghaidh le hionchúiseamh, i ndáil le cionta a bhfuil bás duine ag baint leo nuair a tharla an cion líomhnaithe ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin.

Tá 41 iarraidh ar iomlán faighte ó tugadh insteach an beartas. 65.8% díobh sin a bhain le timpistí bóthair inar maraíodh duine.

## CAIRT 4B: IARRATAIS GO LUAIFÍ CÚISEANNA A FUARTHAS IDIR DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS MEITHEAMH 2013

| Tugadh mionchúiseanna leis an gcinneadh | Diúltaíodh an t-iarratas go luaifí cúiseanna | Tarraingíodh siar an t-iarratas | Ar feitheamh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| 35 | 3 | 1 | 2 | **41** |

